Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7179/26**

**ENER 117**
**ENV 212**
**TRANS 137**
**ECOFIN 313**
**RECH 114**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1523 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 10.3.2026<br>le treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1523 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1523 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2026
C(2026) 1523 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**an 10.3.2026**

**le treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.3.2026**

**le treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], cumhdaítear i ndlí an Aontais an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus leagtar síos gealltanas ceangailteach intíre an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.

(2) Ídítear thart ar 40 % den fhuinneamh san Aontas agus os cionn aon trian d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh in earnáil na bhfoirgneamh. Dá bhrí sin, tá ról bunúsach ag athchóiriú fuinnimh an stoic foirgneamh maidir le cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach, rud a fhágann gur gá rátaí athchóirithe a dhúbailt (thart ar 1 % faoi láthair) agus méadú mór a chur ar an doimhneacht athchóirithe (i.e. coigilteas fuinnimh substaintiúil a bhaint amach) chun stoc foirgneamh atá dícharbónaithe go hiomlán a bhaint amach faoi 2050.

(3) Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne ('an plean gníomhaíochta')[2], a glacadh an 26 Feabhra 2025 mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[3], príomhghníomhaíochtaí chun costais fuinnimh do theaghlaigh agus d'fhiontair a laghdú, agus chun cuidiú le fíor-Aontas Fuinnimh a fhorbairt lena mbainfear amach an t-iomaíochas, an tslándáil agus an dícharbónú agus lena n-áirithítear nach bhfágfar aon duine ar lár san aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach. Tá an plean gníomhaíochta bunaithe ar cheithre cholún agus ar ocht bpríomhghníomhaíocht, lena n-áirítear gníomhaíocht thiomnaithe chun éifeachtúlacht

[1] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (*IO L 243, 9.7.2021, lch. 1*).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne: Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa', COM/2025/79 final, *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0079*

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'The Clean Industrial Deal: a joint roadmap for competitiveness and decarbonisation' [An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Glan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú] COM(2025) 85 final, *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0085*

fuinnimh a mhéadú agus coigilteas fuinnimh a sheachadadh, agus ag cur i dtábhacht an ról atá ag an éifeachtúlacht fuinnimh mar phríomh-rannchuiditheoir le fuinneamh inacmhainne, dícharbónú agus iomaíochas tionsclaíoch. Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an éifeachtúlacht fuinnimh, tacóidh an Coimisiún le gníomhaithe margaidh agus le hinstitiúidí airgeadais chun margadh aonair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a chothú.

(4) Leis an Teachtaireacht maidir le Plean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022[4], agus ina dhiaidh sin Treochlár REPowerEU i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis[5] agus an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis ón Rúis agus feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann[6] , leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le sábháil fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus an stoc foirgneamh a athchóiriú chun cuspóirí slándála fuinnimh an Aontais a bhaint amach, chomh maith le fuinneamh inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách. Tá níos mó ná leath den tomhaltas gáis san Eoraip dírithe ar fhoirgnimh, rud a chiallaíonn go bhfuil ról ríthábhachtach acu i slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh na hEorpa.

(5) Le Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) (athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh)[7] leagtar síos sprioc cheangailteach de chuid an Aontais laghdú 11,7 % a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil agus ar thomhaltas fuinnimh deiridh faoi 2030. Ardaíonn sé sin go mór leibhéal na huaillmhéine le haghaidh 2030 ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de, lena n-áirítear an maoiniú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus tacaíocht chun pobail a chumhachtú agus chun cabhrú leo san aistriú fuinnimh.

(6) Le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (athmhúnlú na Treorach maidir le FFF)[8] soláthraítear raon beart a chuideoidh le borradh struchtúrach a chur faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, agus lena spreagfar na Ballstáit chun creat cumasúcháin cuimsitheach a chur ar bun trí uirlisí comhairleacha agus ionstraimí cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail.

---

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Plean REPowerEU', COM/2022/230 final, *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52022DC0230*

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis', COM/2025/440 final/2, *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0440R%2801%29&qid=1747125158211*

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938, COM/2025/828 final, 2025/0180(COD), *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025PC0828&qid=1750669110360*

7 Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1), ELI: *http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj*

8 Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú), *IO L, 2024/1275, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj*

(7) Tá glacadh teoranta le hathchóirithe doimhne[9], go háirithe iad siúd a bhaineann le feabhsuithe cuimsitheacha ar insliú teirmeach foirgneamh, in ainneoin an róil ríthábhachtaigh atá acu maidir le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach.

(8) Is trí cheanglais rialála, feachtais feasachta, fóirdheontais phoiblí, dreasachtaí fioscacha, agus maoiniú tosaíochta go príomha a thugtar aghaidh ar an taobh éilimh leis na beartais phoiblí atá ann faoi láthair, ach tá sé cruthaithe go dtí seo nach leor an méid sin chun athchóirithe meánleibhéil agus athchóirithe doimhne a chur chun cinn ar an leibhéal is ga, cé go dtacaíonn siad le feabhsúcháin bhunúsacha ar éifeachtúlacht fuinnimh.

(9) Aithnítear in Airteagal 30 d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) agus in Airteagal 17 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) gur gá tacaíocht airgeadais agus theicniúil leordhóthanach a úsáid chun infheistíochtaí a shlógadh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh agus in athchóirithe fuinnimh chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 agus cuspóirí athchóirithe foirgneamh a bhaint amach agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Sonraítear in Airteagal 17 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) freisin gur cheart dreasachtaí airgeadais a dhíriú, mar thosaíocht, ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus ar dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 9 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), tacófar le comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh trí chúnamh teicniúil agus trí scéimeanna maoiniúcháin comhtháite lena soláthraítear dreasachtaí le haghaidh athchóirithe doimhne agus athchóirithe doimhne céimneacha, chomh maith le bearta chun baic neamheacnamaíocha a bhaint.

(10) Le hAirteagal 7 den Mholadh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[10], spreagtar na Ballstáit le tacaíocht airgeadais phoiblí agus phríobháideach a shlógadh agus dreasachtaí a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus san éifeachtúlacht fuinnimh, arna gcomhlánú le comhairle do thomhaltóirí a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le fuinneamh a choigilt.

(11) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá sé tábhachtach infheistíochtaí caipitil phríobháidigh a shlógadh tuilleadh agus an bhearna infheistíochta a dhúnadh. Tá sé ríthábhachtach éileamh an mhargaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar athchóirithe

---

9 De réir Airteagal 2(20) d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF, ciallaíonn 'athchóiriú domhain' athchóiriú atá i gcomhréir le 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh', lena ndírítear ar eilimintí riachtanacha foirgnimh agus lena gclaochlaítear foirgneamh nó aonad foirgnimh: (a) roimh an 1 Eanáir 2030, ina fhoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de; (b) ón 1 Eanáir 2030, ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha. Ina theannta sin, de réir Airteagal 17(16) den Treoir maidir le FFF, 'Dreasóidh na Ballstáit athchóiriú domhain agus athchóiriú domhain céimneach le níos mó tacaíochta airgeadais, fioscaí, riaracháin agus teicniúla. I gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil nó go heacnamaíoch foirgneamh a chlaochlú go foirgneamh astaíochtaí nialasacha, measfar gur athchóiriú domhain chun críocha na míre seo é aon athchóiriú a mbeidh laghdú 60 % ar a laghad ar úsáid fuinnimh phríomhúil mar thoradh air.'

10 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (2022/C 243/04), *https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022H0627(04)*

foirgneamh a spreagadh chun níos mó gnólachtaí agus infheisteoirí a mhealladh chuig earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh.

(12) Is bac ríthábhachtach é an t-éileamh íseal ar athchóirithe fuinnimh agus ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe athchóirithe meánacha agus athchóirithe doimhne, chun cuspóirí an Aontais maidir le fuinneamh glan agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

(13) Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach ionaid ilfhreastail a chur ar bun a sholáthraíonn faisnéis chomh maith le cúnamh coincréiteach do shaoránaigh feadh an turais athchóirithe chun an t-éileamh ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe fuinnimh a ghníomhachtú agus a chomhiomlánú.

(14) Tá srianta móra ar acmhainneacht athchóirithe teaghlach, go háirithe teaghlaigh ar ioncam íseal agus teaghlaigh leochaileacha. Áirítear leis na srianta tosaíochtaí contrártha sa chaidreamh úinéir-tionónta nó i gcomhthéacs comhdhílseoireachtaí, próisis chinnteoireachta chasta, easpa ama, eolais agus acmhainní airgeadais, agus deacracht rochtain a fháil ar chomhairle shaincheaptha agus ar ionstraimí airgeadais.

(15) Is minic a dhéanann tionóntaí d'uireasa na dtairbhí ó athchóirithe mar gheall ar dhreasachtaí deighilte: tá tiarnaí talún freagrach as uasghráduithe ach is beag spreagadh atá acu infheistíocht a dhéanamh, toisc gur tionóntaí, seachas tiarnaí talún, a bhaineann tairbhe de ghnáth as billí fuinnimh níos ísle agus dálaí maireachtála feabhsaithe. Mar gheall ar éiginnteacht i gconarthaí tionóntachta fadtéarmacha, díspreagtar tiarnaí talún ó fheabhsuithe costasacha a dhéanamh. Tríd iontaoibh a chur chun cinn agus neamhshiméadrachtaí faisnéise a nascadh trí chumarsáid shoiléir, trí sheirbhísí comhairleacha neamhspleácha, trí chonraitheoirí iontaofa, trí phobail fuinnimh agus trí thionscnaimh eile faoi stiúir na saoránach, is féidir cuidiú chun leasanna tionóntaí-tiarnaí talún a ailíniú.

(16) D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag fabhtanna cáilíochta (mar shampla, droch-chaighdeán na n-ábhar, suiteáil mhíchuí) agus easpa comhordaithe idir na ceirdeanna lena mbaineann nó in ord na gcéimeanna athchóirithe ar an roinnt mhaith tairbhí a bhaineann le tionscadail athchóirithe fuinnimh, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh an tomhaltas nó na costais a bheith níos airde iarbhír ná mar a bhí coinne leis, nó ar an taobh eile d'athchóirithe nach bhfuil chomh marthanach.

(17) Aithnítear ionaid ilfhreastail mar uirlis ríthábhachtach chun deireadh a chur leis na baic thuasluaite ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh agus chun athchóirithe a dhéanamh níos éasca ar an iomlán. Simplítear leo an rochtain ar an láthair ar shaineolas, ar chomhairle agus ar chuideachtaí athchóirithe agus ar mhaoiniú. Cuireadh ionaid ilfhreastail ar bun go rathúil cheana féin i roinnt Ballstát agus sroichfidh siad pobal níos mó tar éis Airteagal 18 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) agus Airteagal 22 d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) a chur chun feidhme.

(18) Dá bhrí sin, is bealach é scaipeadh forleathan líonraí ionad ilfhreastail ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil chun cur chun feidhme bheartais an Aontais a shimpliú agus chun a áirithiú go mbeidh torthaí ar na beartais sin agus go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí.

(19) Dá réir sin, is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag ionaid ilfhreastail maidir le tacú le héifeachtúlacht fuinnimh i dteaghlaigh, i bhfiontair agus in earnálacha seirbhísí, go háirithe i bhfiontair bheaga agus i micrifhiontair, agus ar an gcaoi sin cuidiú chun

costais fuinnimh a laghdú agus borradh a chur faoi iomaíochas fhiontair an Aontais, agus tacú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais an tráth céanna.

(20) Mar is amhlaidh le húinéirí tí, is minic nach mbíonn an acmhainn theicniúil ná an saineolas airgeadais ag fiontair bheaga agus micrifhiontair chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a dhearadh agus a chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé go mbeadh cabhair ag teastáil uathu chun rochtain a fháil ar dhreasachtaí poiblí agus ar thairiscintí maoiniúcháin phríobháidigh atá ar fáil. Ar an iomlán, bhainfidís tairbhe as comhairle agus tacaíocht shaincheaptha chun eolas a fhorbairt, feasacht a mhéadú, agus dul i ngleic leis na cinntí teicniúla, airgeadais agus riaracháin is gá a dhéanamh chun tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a dhearadh agus a chur chun feidhme.

(21) Is féidir le hionaid ilfhreastail freastal ar fheidhmeanna éagsúla seachas comhairle theicniúil, riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú foirgneamh. Is féidir leo faisnéis agus sonraí teagmhála a sholáthar do chustaiméirí deiridh agus d'úsáideoirí freisin maidir le pointí teagmhála tiomnaithe a d'fhéadfadh cabhrú leo tuiscint a fháil ar a gcearta, ar na dlíthe ábhartha, agus ar na sásraí atá ar fáil chun díospóidí a réiteach. Is féidir leo seirbhísí tiomnaithe a thairiscint do theaghlaigh leochaileacha, do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh agus do dhaoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal[11].

(22) Chuir Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh moltaí faoi bhráid an Choimisiúin in 2024 lenar cuireadh i dtábhacht an príomhról atá ag ionaid ilfhreastail agus ag seirbhísí comhairleacha ó thaobh feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh de[12].

(23) Le hAirteagal 22(4) d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791), ceanglaítear ar na Ballstáit ionaid ilfhreastail nó sásraí comhchosúla a chruthú chun comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin agus airgeadais a sholáthar maidir le héifeachtúlacht fuinnimh do chustaiméirí deiridh agus d'úsáideoirí deiridh, go háirithe úsáideoirí teaghlaigh agus úsáideoirí beaga neamhtheaghlaigh, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus micrifhiontair. Le hAirteagal 22(6) d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791), ceanglaítear ar an gCoimisiún treoirlínte a sholáthar do na Ballstáit chun na hionaid ilfhreastail sin a fhorbairt d'fhonn cur chuige comhchuibhithe a chruthú ar fud an Aontais. Is é is aidhm do na treoirlínte dá dtagraítear san fhoráil sin comhar a spreagadh idir comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí fuinnimh agus tionscnaimh faoi stiúir an phobail.

(24) Léirítear sna treoirlínte mionsonraithe a sholáthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo seirbhísí, samhlacha, struchtúir rialachais agus taithí na n-ionad ilfhreastail atá ann cheana ar fud an Aontais, agus é d'aidhm acu dea-chleachtais rathúla agus cuir chuige choiteanna a chur chun cinn ar fud an Aontais. Cuirtear i dtábhacht sna treoirlínte mionsonraithe agus sa Mholadh seo an príomhchúram a bhaineann le seirbhísí ionad ilfhreastail a fhréamhú sa chomhthéacs áitiúil agus

---

11 Féadfaidh pointí teagmhála aonair a bheith mar chuid de phointí faisnéise ginearálta do thomhaltóirí agus féadtar faisnéis a sholáthar leo maidir le cearta, an dlí is infheidhme agus na sásraí um réiteach díospóidí atá ar fáil do thomhaltóirí i gcás díospóide, lena gcuimsítear, ní hamháin éifeachtúlacht fuinnimh ach tacaíocht do thomhaltóirí gáis nádúrtha freisin, lena n-áirítear tacaíocht maidir le deireadh a chur de réir a chéile le gás, comhairle a thabhairt maidir le roghanna téimh inbhuanaithe agus rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite nó pobal fuinnimh a chur ar bun.

12 Moltaí Críochnaitheacha, an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, *https://citizens.ec.europa.eu/european-citizens-panels/energy-efficiency-panel_en*

cultúrtha, an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcomhar le comhlachtaí poiblí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le gníomhaireachtaí fuinnimh.

(25) Cuirtear i dtábhacht sna treoirlínte mionsonraithe freisin rannchuidiú dearfach tionscnamh de chuid an phobail fuinnimh nó de chuid saoránach, agus tionscnamh tráchtála, a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu anuas ar thionscnaimh atá á stiúradh go poiblí.

(26) De bhun Airteagal 18(1) d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar agus go n-oibreofar saoráidí cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail chuimsitheacha le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le hathchóiriú foirgneamh, *inter alia,* úinéirí tí agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, amhail FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis inniúla, agus, i gcás inarb iomchuí, le páirtithe leasmhara príobháideacha.

(27) Ina bpleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh (NBRPanna), mar chuid den fhorléargas ar bheartais agus ar bhearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme, ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú ar chruthú ionad ilfhreastail nó sásraí comhchosúla chun comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin agus airgeadais a sholáthar de bhun Airteagal 18 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275).

(28) Is é is aidhm d'uirlisí eile a leagtar amach in athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) athchóirithe a dhéanamh níos simplí agus a áirithiú go bhfaighidh úinéirí foirgneamh faisnéis iontaofa faoi na réitigh is costéifeachtaí atá curtha in oiriúint do shainiúlachtaí a bhfoirgneamh agus dá riachtanais. I gcomhréir le hAirteagal 12 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), tá na Ballstáit le scéimeanna náisiúnta pas athchóirithe foirgneamh a chur ar bun faoi 2026 chun treoir a thabhairt d'úinéirí foirgneamh ina n-athchóirithe céimneacha i dtreo foirgnimh astaíochtaí nialasacha. I gcomhréir le hAirteagal 19 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), áireofar i ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh ('EPCanna') moltaí maidir le feabhas costéifeachtach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh. Ceanglaítear le hAirteagal 19 freisin go dtabharfar cuireadh chuig ionad ilfhreastail d'úinéirí foirgneamh a bhfuil aicme an-íseal de dheimhniú feidhmíochta fuinnimh acu.

(29) De bhun Airteagal 30(2) d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791), ceanglaítear ar an gCoimisiún cuidiú leis na Ballstáit na saoráidí cúnaimh forbartha tionscadail atá ann cheana a bhunú nó a threisiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil d'fhonn infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún cúnamh a sholáthar, i measc nithe eile, chun ionaid ilfhreastail a bhunú chun tacú le hidirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh agus le hathchóirithe fuinnimh mar chuid d'fhochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE agus den tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh (ELENA), nó saoráidí/tionscnaimh cúnaimh theicniúil eile atá ar fáil.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Le linn do na Ballstáit na moltaí sin a chur chun feidhme chun ionaid ilfhreastail a chur ar bun le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, ba cheart dóibh an treoir phraiticiúil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a leanúint.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Dan Jørgensen*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach